C/2026/4819

10.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12613 — PG / EURAZEO / AROMA-ZONE / LH 91)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4819)

1. An 27 Lúnasa 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Partners Group AG ('PG', an Eilvéis), agus

— Eurazeo S.E. ('Eurazeo', an Fhrainc).

Gheobhaidh PG agus Eurazeo rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Aroma Zone Topco SAS ('Aroma-Zone'), agus Legendre Holding 91 SAS ('LH91').

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht domhanda bainistithe infheistíochta é PG a bhfuil sócmhainní faoi bhainistíocht aige ar fud cothromas príobháideach, bonneagar príobháideach, fiachais, ríchíosanna agus réadmhaoine,

— Is cuideachta infheistíochta liostaithe i sócmhainní éagsúlaithe é Eurazeo. Tá trí phríomhghníomhaíocht aige: cothromas príobháideach, fiachas príobháideach agus sócmhainní réadacha. Tá rialú aonair ag Eurazeo ar LH 91, cuideachta sealbhaíochta, agus ar Aroma-Zone, miondíoltóir cosmaidí nádúrtha, blátholaí, forlíonta, táirgí cumhartheiripe agus réitigh folláine, a dhíolann go díreach le custaiméirí trína ardán ar líne agus trína shiopaí miondíola.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12613 — PG / EURAZEO / AROMA-ZONE / LH 91

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.